Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Feabhra 2022
(OR. en)

5896/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0374(NLE)**

**SCH-EVAL 13**
**SIRIS 16**
**COMIX 57**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Mheitheal um Ábhair Schengen/An Coiste Measctha (AE - an Íoslainn / an Iorua / an Eilvéis / Lichtinstéin) |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5895/22 |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar **Éirinn** i ndáil leis na coinníollacha is gá a chomhlíonadh i dtaca le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse **Chóras Faisnéise Schengen** |

1. Tar éis don Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 a ghlacadh lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, rinne foireann saineolaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún meastóireacht ar Éirinn in 2021 d'fhonn na coinníollacha is gá a chomhlíonadh i dtaca le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen.

2. I gcomhréir leis an Rialachán sin, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh a ceapadh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta agus chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh Éire na coinníollacha uile is gá i dtaca leis na rialacha Schengen a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen a chur i bhfeidhm.

3. D’fhormheas an Mheitheal um Ábhair Schengen, lena n-áirítear comhpháirtithe an Choiste Mheasctha, eadhon, an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis agus Lichtinstéin, an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh an 31 Eanáir 2022.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme, mar a leagtar amach in 5895/22 é, a ghlacadh mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.